Eolas don Phobal

EirGrid.ie

EirGrid, an tUbhchruth
160 Bóthar Shíol Bhroin
D04 FW28

# Baile Átha Cliath á Chumhachtú

## Carraig Mhaighin go dtí An Poll Beag

Tá EirGrid freagrach as an eangach leictreachais in Éirinn. Lenár gcuid oibre, cuirtear cumhacht iontaofa ar fáil do gach úsáideoir agus sinn ar thús cadhnaíochta i dtreo todhchaí ísealcharbóin. Cuireann an eangach leictreachas ar fáil dár gcuid tithe, gnólachtaí, scoileanna, ospidéal, agus feirmeacha.

**Táimid ag scríobh chugat chun tú a chur ar an eolas faoin nuacht is déanaí maidir le dul chun cinn tionscadal athchurtha cábla faoi thalamh ó Charraig Mhaighin go dtí An Poll Beag, ar chuid é sin den tionscadal Baile Átha Cliath á Chumhachtú.**

De réir mar a théann bonneagar leictreachais Bhaile Átha Cliath in aois, is gá obair a dhéanamh anois chun bonneagar na cathrach a athrú ó bhonn agus a nuachóiriú ionas gur féidir le Baile Átha Cliath leanúint dá fhorbairt agus dá bhláthú, ag cur na cumhachta is gá ar fáil do líon méadaitheach tithe, do ghnólachtaí agus tionscail nua, do leictriú ár gcórais iompair agus do théamh ár gcuid tithe le réitigh fuinnimh níos glaine.

Is clár ríthábhachtach é seo a neartóidh príomhbhonneagar leictreachais i mBaile Átha Cliath agus sna ceantair máguaird, rud a chuideoidh le hÉirinn a dhéanamh 'réidh don fhuinneamh in-athnuaite'.

Is éard atá i gceist le Baile Átha Cliath a Chumhachtú ná 50km de chábláí ardvoltais faoi thalamh a shuiteáil in ionad cáblaí níos sine ar fud Bhaile Átha Cliath agus an eangach a threisiú. Nascfaidh na cáblaí faoi thalamh sin na fostáisiúin leictreachais seo a leanas lena chéile:

- Fostáisiún Fhionnghlaise agus fostáisiún an Phoill Bhig (tríd an bPort Thuaidh)
- Fostáisiún Charraig Mhaighin agus fostáisiún an Phoill Bhig
- Dhá chábla a nascann fostáisiún Inse Chór agus fostáisiún an Phoill Bhig

Baineann an tionscadal freisin le huasghrádú fostáisiúin agus fostáisiún tarchurtha leictreachais nua a thógáil i lár Bhaile Átha Cliath.



## Cad a tharla go dtí seo?

In 2024, d'fhoilsigh EirGrid na Roghanna is Fearr Feidhmíochta i gcás trí cinn de na bealaí cábla – Fionnghlas go dtí An Port Thuaidh, An Port Thuaidh go dtí An Poll Beag agus Carraig Mhaighin go dtí An Poll Beag. Chuidigh aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin, chomh maith le rannpháirtíocht le scoileanna áitiúla, le hionadaithe poiblí, le grúpaí pobail, le grúpaí comhshaoil, le grúpaí gnó, le soláthraithe fóntais, le daoine aonair agus le páirtithe leasmhara eile go mór leis na bealaí sin a chinneadh.

Is féidir an t-eolas is déanaí faoin dul chun cinn ar na bealaí ó Fhionnghlas go dtí An Poll Beag agus ó Inse Chór go dtí An Poll Beag a fháil ar ár suíomh gréasáin EirGrid.ie/Dublin.

## Cad atá ag tarlú anois?

Tríd an rannpháirtíocht leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara, in éineacht le suirbhéanna agus staidéir, tá bailchríoch curtha le bealach agus tá an tionscadal ag dul chun cinn chuig an gcéim deiridh de phróiseas sé chéim EirGrid maidir le forbairt eangaí.

Bhíothas ag súil ar dtús go bhféadfaí an chuid den bhealach cábla ar an gcladach a aicmiú mar Fhorbairt Dhíolmhaithe. Tá EirGrid ag ullmhú anois, áfach, chun iarratas pleanála a chur isteach don tionscadal i gcomhréir leis an treoir phleanála is déanaí.

Cuirfear é seo faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus, rud atá tábhachtach, leanann sé an conair bealaigh chéanna atá beartaithe ag EirGrid i bhfoilseachán Céim 4B roimhe seo, i ndiaidh an chomhairliúcháin.

Beidh ceadúnas amach ón gcósta agus cead pleanála ag teastáil don chuid dheireanach den bhealach, a rachaidh thar Chuan Bhaile Átha Cliath ó pháirc na Carraige Duibhe go dtí stáisiún Theach Pigeon.

Tá Toiliú Limistéir Mhuirí (MAC) deonaithe anois. Tá tús curtha le suirbhéanna mara agus beidh siad ar siúl ó Aibreán 2026 go Meán Fómhair 2027 i rith mhíonna an tsamhraidh.

## Céard é an chéad chéim eile?

Leanfar le rannpháirtíocht le húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara eile thar na míonna atá le teacht chun bailchríoch a chur ar mhionsonraí an deartha don bhealach cábla ó Charraig Mhaighin go dtí An Poll Beag. Beidh suirbhéanna muirí ar bun i gCuan Bhaile Átha Cliath an bhliain seo chugainn.

Táthar ag súil go mbronnfar conradh tógála in 2026 do ghné ar tír an bhealaigh. Leanfaidh EirGrid de bheith i dteagmháil leis an Údarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA) agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile de réir mar a théann an obair ar aghaidh ar an gcábla amach ón gcósta Cuirfidh EirGrid eolas nua faoi dhul chun cinn an tionscadail ar fáil sa bhliain úr.

Trí aitheantas a thabhairt don tacaíocht a thugann pobail áitiúla agus mórthionscadail bhonneagair á soláthar acu, cuireann EirGrid Ciste Sochair Pobail ar fáil inar féidir le grúpaí áitiúla deonacha, grúpaí pobail agus grúpaí sainleasa iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú.

Seachadtar ár gciste i gcomhar le pobail áitiúla agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe ag croílár a sheachadta. Faigh tuilleadh eolais faoinár gCiste Sochair Pobail ag EirGrid.ie/community.




Má tá aon cheist nó ábhar imní eile agat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigigh Idirchaidrimh don Phobal:



**Liz Dillon**
Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
Liz.Dillon@EirGrid.com
087 188 7982



**Stephen Quinn**
Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh
Stephen.Quinn2@EirGrid.com
087 001 8084